An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

2 Bealtaine 2018

# INFHEISTÍOCHT I NDAOINE

## CÉN FÁTH A BHFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

An duine a bhí riamh i gcroílár an tionscadail Eorpaigh. Trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, ina scileanna agus ina gcuid eolais, is féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, an chothroime shóisialta a chaomhnú agus borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa.

Tá an infheistíocht i ndaoine ar cheann de na mórthosaíochtaí sa togra ón gCoimisiún don bhuiséad fadtéarmach.

Léiriú air sin is ea **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**. Leagtar amach sa cholún sin prionsabail i ndáil le comhdheiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, coinníollacha cothroma oibre, cosaint shóisialta stóinseach agus cuimsiú sóisialta láidir. Ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Göteborg i Samhain 2017, thug ceannairí an Aontais Eorpaigh gealltanas go neartóidís an ghné shóisialta den Aontas Eorpach, agus mar chuid de sin go gcuirfí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta i bhfeidhm ina iomláine.



Cruinniú Mullaigh Sóisialta Göteborg do phoist chóra agus d'fhás, an 17 Samhain 2017

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na hacmhainní atá ar fáil a chruinniú in **aon ionstraim chuimsitheach nua amháin** ina dtabharfar le chéile Ciste Sóisialta na hEorpa, an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg, an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí, an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta agus an Clár Sláinte.

Tá an Coimisiún ag moladh **béim níos láidre a chur ar an aos óg**. Chuige sin, déanfar buiséad **Erasmus+ a dhúbailt go €30 billiún** agus buiséad **an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a mhéadú go €1.26 billiún** chun deis a thabhairt do níos mó daoine óga dul thar sáile chun staidéar nó obair dheonach a dhéanamh nó chun oiliúint a fháil. Anuas air sin, cuirfear maoiniú i leataobh i gCiste Sóisialta na hEorpa le dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige.


Beidh an ionstraim chuimsitheach seo mar chuid de chnuasach ionstraimí (in éineacht leis an gclár Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, na cláir nua d'Eoraip na Cruthaitheachta agus do Cheartas, Cearta agus Luachanna) a bheidh dírithe ar **Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna**.

## GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN GCOIMISIÚN


- Leis na tograí seo déanfar Ciste Sóisialta na hEorpa a iompú ina **Chiste Sóisialta Eorpach+ a mbeidh buiséad €101.2 billiún aige**. Beidh an ciste nua níos simplí agus níos éifeachtaí toisc go mbeidh deireadh le hiomadú na n-ionstraimí maoiniúcháin i réimse an bheartais shóisialta.
- Le tógáil ar na 30 bliain de rath atá faoi Erasmus, tá an Coimisiún ag moladh clár **Erasmus+ a bheidh leathnaithe go mór**, neartaithe agus cuimsitheach, chun an tsoghluaisteacht foghlama a chur chun cinn a thuilleadh san Aontas Eorpach trí chéile.
- Déanfar **an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a threisiú** tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chomhtháthú leis. Tabharfaidh an méid sin deis ar leith do shaoránaigh na hEorpa gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dhéanamh laistigh den Eoraip agus lasmuigh di.

### CLÁRÚ – BREIS AGUS 58,000 DUINE ÓG CLÁRAITHE

CLÁRÚ DE RÉIR INSCNE




CLÁRÚ DE RÉIR RÉIMSE




- Na scéimeanna atá ann cheana chun tacú le cultúr agus le cruthaitheacht na hEorpa, déanfar iad a chomhtháthú i g**Clár nua d'Eoraip na Cruthaitheachta** (a mbeidh MEDIA ina chuid de freisin). Is é is aidhm leis an méid sin cultúr na hEorpa a chur chun cinn mar aon leis na luachanna ar cuid iad d'fhéiniúlacht ár nAontas. Cuirfidh an clár nua cumhacht i lámha na saoránach trí chearta bunúsacha agus luachanna bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint agus trí dheiseanna a chur ar fáil le bheith gníomhach agus rannpháirteach go daonlathach sa tsochaí shibhialta agus i gcúrsaí polaitiúla. Beidh MEDIA ina dhlúthchuid den chlár seo. Cuirfear maoiniú ar fáil le scannánaíocht na hEorpa, agus earnálacha cruthaitheachta agus closamhairc na hEorpa i gcoitinne, a chothú a thuilleadh.

## CAÍONNA EILE A NDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Tugann an **Beartas Comhtháthaithe** tacaíocht don fhorbairt réigiúnach agus áitiúil trí infheistíocht a chómhaoiniú agus cuidíonn sé le gnólachtaí beaga.
- Beidh **InvestEU** dírithe ar infheistíocht i ndaoine, go háirithe trí scéim maoiniúcháin ar leith le haghaidh scileanna sóisialta agus caipiteal daonna.
- Cuirfidh an **Clár Tacaíochta d'Athchóiriú** dreasachtaí airgeadais ar fáil le haghaidh athchóirithe tábhachtacha a sainaithníodh le linn an tSeimeastair Eorpaigh; i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus bheartas an mhargaidh saothair, mar shampla, chun jabanna a chruthú, an bhochtaineacht a chomhrac agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
- Tá an Coimisiún ag moladh freisin an **Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú** a nuachóiriú chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis na hoibrithe aslonnaithe agus na daoine féinfhostaithe ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta de dheasca mór-athstruchtúrú nach raibh coinne leis.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- **02/05 2018** — **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020**
- **30/05 2018** — **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais**
- **28-29/ 06/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **12/09 2018** — **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais**
- **18-19/ 10/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **13-14/ 12/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **21-22/ 03/2019** — An Chomhairle Eorpach
- **09/05 2019** — Cruinniú Mullaigh Sibiu


Print ISBN 978-92-79-84284-9 doi:10.2775/066283 NA-04-18-347-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84296-2 doi:10.2775/58086 NA-04-18-347-GA-N